RÚN (AE) 2023/1878 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

an 10 Bealtaine 2023

ina bhfuil barúlacha atá ina gcuid dhílis den chinneadh maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach (EFCA) don bhliain airgeadais 2021

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA,

— ag féachaint do chinneadh uaithi maidir le hurscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach don bhliain airgeadais 2021,

— ag féachaint do Riail 100 agus d'Iarscríbhinn V dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Iascach,

— ag féachaint do thuarascáil ón gCoiste um Rialú Buiséadach (A9-0112/2023),

A. de bhrí, de réir a ráitis ioncaim agus caiteachais ([1]), gur EUR 21 621 000 a bhí i mbuiséad críochnaitheach na Gníomhaireachta Eorpaí um Rialú ar Iascach ('an Ghníomhaireacht') don bhliain airgeadais 2021, arb ionann é sin agus méadú 22,99 % i gcomparáid le 2020 mar gheall ar ghníomhaíochtaí breise arna sannadh don Ghníomhaireacht faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe; de bhrí go dtagann buiséad iomlán na Gníomhaireachta ó bhuiséad an Aontais agus ioncam arna chur in áirithe;

B. de bhrí go ndeir an Chúirt Iniúchóirí ('an Chúirt'), sa tuarascáil uaithi maidir le cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais 2021 ('tuarascáil na Cúirte'), go bhfuair sí dearbhú réasúnach go bhfuil cuntais bhliantúla na Gníomhaireachta iontaofa agus go bhfuil na hidirbhearta is bun leo dlíthiúil agus rialta;

Bainistíocht buiséid agus airgeadais

1. á chur in iúl gur díol sásaimh di an ráiteas ón gCúirt go bhfuil cuntais na Gníomhaireachta don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2021, i gcomhréir le Rialachán Airgeadais an Aontais agus leis na rialacha cuntasaíochta arna nglacadh ag oifigeach cuntasaíochta an Choimisiúin;

2. ag tabhairt dá haire go bhfuair an Ghníomhaireacht ranníocaíocht EUR 21 milliún faoi bhuiséad ginearálta an Aontais in 2021, arbh ionann í agus ardú 24,3 % i leith 2020; á chur i bhfios go bhfuil méid bhuiséad bliantúil na Gníomhaireachta agus a líon foirne araon ar an bhfigiúr is ísle i measc ghníomhaireachtaí an Aontais;

3. á chur in iúl gur geal léi an fóirdheontas breise EUR 4 mhilliún ón gCoimisiún faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe trí bhuiséad leasaithe arna leithdháileadh ar an nGníomhaireacht d'fhonn déileáil leis an ualach oibre méadaithe atá uirthi mar gheall ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas agus le haon iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag an gcaidreamh nua don chreat rialaithe iascaigh;

4. á chur in iúl go raibh na hiarrachtaí faireacháin buiséid i rith na bliana airgeadais 2021 ina siocair le ráta cur chun feidhme buiséid 99,07 %, arbh ionann é agus méadú an-bheag 1,80 % i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire go raibh an ráta foghníomhaithe don bhliain reatha le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochta comhionann le 74,48 %, arb ionann é agus laghdú 6,70 % i gcomparáid le 2020;

Feidhmíocht

5. á mheabhrú go rannchuidíonn an Ghníomhaireacht ar bhealach tábhachtach le cur chun feidhme chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), agus go háirithe maidir leis an rialú ar iascach; á chur i bhfáth go ndéanfar méadú ar ualach oibre tacaíochta na Gníomhaireachta leis an athbhreithniú ar an Rialachán lena rialaítear an rialú ar iascach; ag cur béim ar a neamhréirí atá sé féachaint le dul i ngleic le hoibleagáidí atá ag dul i méid gan acmhainní leordhóthanacha chun déanamh amhlaidh; á chur i bhfáth, dá bhrí sin, nach mór do na hacmhainní airgeadais agus daonna a bheidh ar fáil don Ghníomhaireacht a bheith leordhóthanach sna blianta amach romhainn;

([1]) IO C 141, 29.3.2022, lch. 128.

6. ag tabhairt dá haire, agus é ina dhíol sásaimh di, go mbaineann an Ghníomhaireacht úsáid as eochairtháscairí feidhmíochta chun measúnú a dhéanamh ar thorthaí a cuid gníomhaíochtaí, amhail na torthaí maidir le cigireachtaí agus treochtaí na sáruithe, maidir leis an bhforbairt a thagann ar leibhéil an chomhlíonta, maidir le hoiliúint a chuirtear ar fáil agus maidir le cur chun feidhme an bhuiséid, i measc nithe eile; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur chuir an Ghníomhaireacht 98,6 % den Chlár Oibre Bliantúil chun feidhme, in ainneoin na ndúshlán atá fós ann de dheasca phaindéim COVID-19;

7. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht 53 567 gcigireacht (ar muir agus ar tír) a thuairisciú in 2021, a ndearnadh 4 928 sárú amhrasta a bhrath dá mbarr, arb ionann é agus méadú 39 % agus 109 % faoi seach ar fhigiúirí 2020; á chreidiúint go léirítear leis na figiúirí sin gur príomhuirlis fós iad cigireachtaí agus gníomhaíochtaí leantacha chun a áirithiú go n-urramaítear rialacha CBI; á chur i bhfios, áfach, go ndéantar na héagothromaíochtaí atá ann idir na limistéir a cheilt leis an ardú sin, le laghdú sa Mhuir Thuaidh (–67 %) agus sa Mhuir Dhubh (–1 %) agus le hardú in Uiscí an Iarthair (+ 24 %), sa Mheánmhuir (+ 82 %), sa Mhuir Bhailt (+ 14 %) agus i limistéar rialála NAFO-NEAFC freisin (+ 163 %); ag tabhairt dá haire gurb é an phríomhchúis atá leis an laghdú suntasach sin sa Mhuir Thuaidh ná an easpa cigireachtaí a bhí á ndéanamh ag an Ríocht Aontaithe roimhe seo, arbh ionann iad agus 70 % de na cigireachtaí in 2020; á iarraidh ar an nGníomhaireacht faisnéis níos mionsonraithe a chur ar fáil maidir leis na cúiseanna atá leis na hathruithe sin; á chur i bhfios go bhfuil ról lárnach ag cigireachtaí agus gníomhaíochtaí leantacha eile ní hamháin i mbainistiú cuí na stoc éisc ach freisin i dtaca le cothrom iomaíochta a áirithiú d'iascairí an Aontais;

8. ag tabhairt dá haire go ndearnadh leasú ar an gclár oibre i ndáil leis an gcóras faireacháin, rialaithe agus faireachais faoi CBI, gur ann do na bearta a bhaineann leis an gComhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe agus go bhfuiltear ag dréim le tionscadail faoin gCiste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe;

9. ag tabhairt chun suntais, i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), go bhfuil ról tábhachtach ag an ngníomhaireacht cur i bhfeidhm méadaithe agus comhchuibhithe chórais rialaithe an Aontais atá i bhfeidhm a spreagadh chun iascaireacht neamhdhleathach a chomhrac;

10. á chur in iúl gur geal léi comhar leanúnach na Gníomhaireachta leis an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus leis an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) chun tacú le húdaráis náisiúnta agus iad i mbun chúraimí an gharda cósta; á mheas gur sampla é an comhar de shineirge idir gníomhaireachtaí an Aontais ar cheart dó gníomhaireachtaí i réimsí eile a spreagadh; á iarraidh ar an nGníomhaireacht leanúint dá hiarrachtaí ina leith sin agus á mheas gur iomchuí freisin méadú a dhéanamh ar an gcomhar idir an Ghníomhaireacht agus an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil;

11. ag tabhairt chun suntais go bhfuil ról ag an nGníomhaireacht maidir le fothú acmhainneachta agus oiliúint a thairiscint do thríú tíortha agus go bhfuil ról ríthábhachtach ag an nGníomhaireacht ó thaobh cothrom iomaíochta leis na stáit chósta uile a bhaint amach;

Beartas foirne

12. ag tabhairt dá haire go raibh 100 % de na poist sa phlean bunaíochta líonta an 31 Nollaig 2021, agus gur ceapadh 65 ghníomhaire shealadacha mar a údaraítear faoi bhuiséad an Aontais (61 phost údaraithe in 2020); á thabhairt dá haire, ina theannta sin, go raibh 11 ghníomhaire ar conradh agus sé shaineolaí náisiúnta ar iasacht ag obair don Ghníomhaireacht in 2021;

13. ag tabhairt dá haire gur deonaíodh buiséad breise don Ghníomhaireacht in CAI 2021–2027 (méadú EUR 12 mhilliún in 2022), lena n-áirítear 16 phost nua don phlean bunaíochta (ceithre cinn a deonaíodh cheana faoi bhuiséad 2021) agus sé bhall foirne sheachtracha (dhá cheann acu a deonaíodh cheana in 2021); ag tabhairt dá haire go gcuirfidh na hacmhainní breise an acmhainneacht oibríochtúil is gá ar fáil don Ghníomhaireacht chun cabhrú leis na Ballstáit agus leis an gCoimisiún faireachán, rialú agus faireachas a dhéanamh ar iascaigh mar a cheanglaítear le CBI, lena n-áirítear na bearta atá i gceist leis an gComhaontú Trádála agus Comhair leis an Ríocht Aontaithe;

14. ag tabhairt dá haire gur ann do bheartas na Gníomhaireachta i leith cóir chomhionann na foirne a chur chun cinn agus don sprioc atá aici maidir le comhionannas inscne a bhaint amach ó thaobh líon agus ghráid na foirne de agus ó thaobh leibhéil freagrachta de; á chur in iúl gur saoth léi nach bhfuil an líon foirne ar mná iad atá fostaithe ag grád AD 8 nó níos airde ach ionann le 38 %, agus á aithint gurb ionann é agus méadú i gcomparáid le 2020; ag tabhairt dá haire nach mór níos mó a dhéanamh chun paireacht a bhaint amach ar an leibhéal bainistíochta; á iarraidh ar an nGníomhaireacht dlús a chur lena hiarrachtaí a mhéid a bhaineann lena beartas um paireacht inscne d'fhonn dul chun cinn a dhéanamh i dtreo na paireachta ar an leibhéal bainistíochta chomh maith;

15. á mheabhrú a thábhachtaí atá sé beartas fadtéarmach AD a fhorbairt maidir le cothromaíocht oibre is saoil, treoir ar feadh an tsaoil agus deiseanna oiliúna sonracha a thairiscint d'fhorbairt gairme, cothromaíocht inscne ar gach leibhéal foirne, teilea-obair, an ceart chun dícheangail, cothromaíocht gheografach a fheabhsú chun ionadaíocht iomchuí a bheith acu ó na Ballstáit uile, agus earcú agus lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas chomh maith lena áirithiú go gcaitear go cothrom leo agus go gcuirtear a ndeiseanna chun cinn go forleathan;

16. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil rialacha i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht maidir leis an bhfrithchiapadh, lena n-áirítear comhairleoirí rúnda, agus go bhfuil faisnéis thiomnaithe ar fáil ar a hinlíon; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go gcuireann an Ghníomhaireacht oiliúint éigeantach ar fáil don fhoireann maidir leis an bhfrithchiapadh agus an eitic agus an t-ionracas;

Soláthar

17. ag tabhairt dá haire gur díríodh príomhiarrachtaí soláthair na Gníomhaireachta in 2021 ar nós imeachta oscailte a sheoladh i dtaca le trí shoitheach patróil amach ón gcósta (OPVanna) a chairtfhostú; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur shínigh an Ghníomhaireacht conarthaí soláthair faoi chreatchonarthaí maidir le seirbhísí a bhaineann le patról iascaigh, feabhsú san ionad oibre, cúrsaí teanga agus suirbhéireacht mhuirí agus go raibh sí rannpháirteach i gcreatchonarthaí idirinstitiúideacha maidir le seirbhísí seachfhoinsithe agus faireachas aeir, i measc conarthaí eile; ag tabhairt dá haire go raibh an Ghníomhaireacht páirteach i naoi dtairiscint idirinstitiúideacha éagsúla in 2021 leis an gCoimisiún agus le gníomhaireachtaí eile;

18. á chur i bhfáth go bhfuil gá le tacaíocht leordhóthanach airgeadais chun IUU a chomhrac; á chur in iúl gur geal léi go bhfuiltear ag neartú ar an OPV atá cairtfhostaithe ag an nGníomhaireacht chun rialuithe iascaigh agus cigireachtaí a dhéanamh in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta agus chun tacú leis na húdaráis náisiúnta; ag tabhairt dá haire go ndearna an méadú ar phraghsanna breosla difear d'acmhainn oibríochtúil na Gníomhaireachta;

19. á chur in iúl go bhfuil sí sásta gur thug an Ghníomhaireacht Uirlis Bainistíochta um Sholáthar Poiblí (PPMT) isteach in 2021 (d'fhonn tús a chur léi in 2022), ar comhpháirt í d'ardán ríomhsholáthair an Choimisiúin atá comhtháite i gcórais eile arna n-úsáid ag an nGníomhaireacht, amhail ríomhthairiscintí agus ríomhaighneachtaí;

Coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus trédhearcacht

20. ag tabhairt dá haire go bhfuil iarrachtaí leanúnacha ar bun ag an nGníomhaireacht agus go raibh bearta ar bun aici cheana ar mhaithe le trédhearcacht, chun coinbhleachtaí leasa a chosc agus a bhainistiú, agus chun sceithirí a chosaint; ag tabhairt dá haire go ndéanann an Ghníomhaireacht dearbhú leasanna agus CVanna chomhaltaí a Boird Riaracháin agus na bainistíochta sinsearaí a fhoilsiú ar a láithreán gréasáin; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go ndéanann an Ghníomhaireacht tábla na gcruinnithe uile a tionóladh idir a Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus a baill foirne le heagraíochtaí agus le daoine féinfhostaithe a bhíonn ag gabháil do dhéanamh agus cur chun feidhme beartas de chuid an Aontais a thabhairt cothrom le dáta go rialta agus a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin ionas go n-áiritheofar trédhearcacht iomlán agus lánmhuinín as gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta; á mheabhrú go ndéanfaidh an Ghníomhaireacht an leathanach a thabhairt cothrom le dáta go rialta ionas go n-áiritheofar trédhearcacht iomlán agus lánmhuinín as gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta;

21. á áitiú gur gá rialacha níos córasaí a chur i bhfeidhm maidir le trédhearcacht, neamh-chomhoiriúnachtaí, coinbhleachtaí leasa, agus brústocaireacht neamhdhleathach; á iarraidh ar an nGníomhaireacht a sásraí rialaithe inmheánacha a neartú, lena n-áirítear sásra inmheánach frithéillithe a bhunú; ag tabhairt dá haire, áfach, gur chuir an Ghníomhaireacht a straitéis frithchalaoise chun feidhme, straitéis a bhí bunaithe ar chleachtadh measúnaithe riosca, agus treoirlínte OLAF á gcur san áireamh aici.

Rialú inmheánach

22. ag tabhairt dá haire gur chuir an tSeirbhís um Iniúchóireacht Inmheánach (IAS) sa Choimisiún, i gcomhréir leis an bPlean um Iniúchóireacht Inmheánach Straitéiseach 2021–2023, tús leis an iniúchadh ar an gcomhar idir an Ghníomhaireacht agus AS MARE maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le hAirteagal 30 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) (Forálacha idirnáisiúnta a chomhlíonadh); á iarraidh ar an nGníomhaireacht aon fhorbairt ina leith sin a thuairisciú don údarás um urscaoileadh;

23. ag tabhairt dá haire go ndearna an Ghníomhaireacht measúnú ar a Córas Rialaithe Inmheánaigh agus gur tháinig sí ar an gconclúid, ar an iomlán, go bhfuil rialuithe oiriúnacha i bhfeidhm agus ag obair mar a bhí beartaithe, go bhfuil faireachán agus maolú iomchuí á ndéanamh ar rioscaí, agus nár tuairiscíodh aon laigí suntasacha rialaithe in 2021;

An t-aistriú digiteach agus glas

24. ag tabhairt dá haire go leanann an Ghníomhaireacht de thacaíocht a thabhairt d'uirlisí leictreonacha i réimse na n-acmhainní daonna, an tsoláthair agus an fhaireacháin ar an mbuiséad, amhail modúil bhreise Sysper, córas airgeadais lárnach feabhsaithe nua atá beartaithe do 2024/2025, uirlisí comhtháite ríomhsholáthair agus bainistithe conarthaí, agus úsáid an ríomhshínithe cháilithe (Comhartha AE), i measc nithe eile; ag tabhairt dá haire, thairis sin, go leanann an Ghníomhaireacht straitéis 'Cloud-first' le hilnéal hibrideach slán mar chuid dá straitéis maidir le claochlú digiteach, agus go leanann sí d'fheabhas a chur ar an ionad oibre digiteach ag an am céanna;

25. á mholadh don Ghníomhaireacht oibriú i ndlúthchomhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA) agus leis an bhFoireann Phráinnfhreagartha Ríomhaire d'Institiúidí, comhlachtaí agus gníomhaireachtaí an Aontais (CERT-EU) agus measúnuithe riosca rialta a dhéanamh ar a bonneagar TF agus a áirithiú go ndéanfar iniúchtaí agus tástálacha rialta ar a cibearchosaintí; ag moladh go ndéanfar cláir oiliúna a bhaineann leis an gcibearshlándáil a thabharfar cothrom le dáta go rialta a chur ar fáil do gach ball foirne, lena n-áirítear bainistíocht, laistigh den Ghníomhaireacht;

26. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an Ghníomhaireacht ag obair i dtreo deimhniú na Scéime um Bainistíocht agus Iniúchadh Comhshaoil (EMAS) a fháil, agus go bhfuil gníomhaíochtaí déanta ag an nGníomhaireacht chun a tionchar ar an gcomhshaol a laghdú, mar shampla critéar amháin ar a laghad a chur san áireamh i nósanna imeachta soláthair, díriú ar iompar éifeachtúil comhshaoil na dtairgeoirí féideartha, an t-ídiú leictreachais a laghdú trí shoilsiú LED, agus cúrsaíocht leictreonach agus síniú digiteach a chur i bhfeidhm chun an méid páipéir agus tonóirí a úsáidtear a laghdú;

Leanúnachas gnó le linn ghéarchéim COVID-19

27. ag tabhairt dá haire gur chinn Foireann Bainistíochta Leanúnachais Gnó na Gníomhaireachta go raibh an Ghníomhaireacht an-ullamh chun leanúint dá hoibríochtaí go hiontaofa tríd an teilea-obair agus nár mhol sí don Stiúrthóir Feidhmiúcháin Plean Leanúnachais Gnó na Gníomhaireachta a ghníomhachtú tráth ar bith le linn 2021; ag tabhairt dá haire gur mhol sí, áfach, roinnt oiriúnuithe ar Phleananna Gníomhaíochta Téarnaimh aonair na n-aonad agus ar shocruithe sonracha le haghaidh réitigh chúltaca, a cuireadh chun feidhme ina dhiaidh sin; ag spreagadh na Gníomhaireachta chun na ceachtanna a foghlaimíodh maidir le cianmhodhanna oibre agus modhanna oibre hibrideacha a chur i bhfeidhm, chun cruinnithe agus cúraimí a d'fhéadfaí a dhéanamh ar bhealach níos éifeachtúla a eagrú ar bhealach níos éifeachtaí ná iad féin a dhéanamh go pearsanta amach anseo;

28. ag tabhairt dá haire, le linn 2020 agus 2021, agus mar gheall ar phaindéim COVID-19, gur ghá athbhreithniú a dhéanamh ar an bpleanáil oibríochtúil mar gheall ar dhúnadh calafort áirithe, agus gur ghá a bheith ar fuireachas ar laethanta áirithe mar bheart coisctheach, chomh maith le síneadh a chur leis an tréimhse fanachta ar muir; ag tabhairt dá haire, thairis sin, gur choinnigh na OPVanna gníomhaíochtaí ar bun le linn thréimhse iomlán na géarchéime chun rialú agus cigireachtaí iascaigh a dhéanamh agus chun tacú le feidhmeanna eile an gharda cósta;

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

29. á chur i bhfios go láidir, chun tionchar phaindéim COVID-19 ar rialú iascaigh, ar chigireachtaí agus ar fhorfheidhmiú na mBallstát a mhaolú, agus mar a rinne sí cheana in 2020, gur dhírigh an Ghníomhaireacht níos mó ar ionstraimí eile atá ar fáil amhail faireachán agus anailís ar shonraí, bunaithe ar mhodheolaíocht na Gníomhaireachta le haghaidh táscairí comhlíonta, agus gur úsáid sí uirlisí atá ar fáil amhail faisnéis bhreise ó eitiltí faireachais i gcomhar le Frontex, úsáid ladrann mar chuid den chomhar le EMSA, agus anailís ar íomhánna satailíte ó Copernicus;

Barúlacha eile

30. ag tabhairt dá haire gur ann do ghníomhaíochtaí cumarsáide na Gníomhaireachta i ndáil leis an bpobal i gcoitinne, i gcomhar le AS MARE; ag tabhairt dá haire, go háirithe, go ndearnadh físeáin maidir le coincheap na bpleananna comh-imlonnaithe agus maidir leis an gcianfhaireachán leictreonach i rialú iascaigh an Aontais in 2021; á chur in iúl go bhfuil sí sásta, thairis sin, go rannchuidíonn an Ghníomhaireacht le cultúr comhlíontachta a fhorbairt le CBI trína cuid cumarsáide le geallsealbhóirí neamhrialtasacha;

31. ag tagairt, i ndáil le barúlacha eile de chineál tras-earnála a ghabhann lena cinneadh ar urscaoileadh, do rún uaithi an 10 Bealtaine 2023 ([3]) maidir le feidhmíocht, bainistíocht airgeadais agus rialú na ngníomhaireachtaí.

([3]) Téacsanna arna nglacadh, P9_TA(2023)0190.